INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO INSTITUTE OF EDUCATION

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

# Eolas do Bhaill Foirne IOM
# Oibleagáidí maidir le Acht na dTeangacha Oifigiula 2003 agus Scéim Teanga na hInstitiúide

## ***Comharthaí***

Caithfidh gach comhartha IOM a bheith i nGaeilge nó dátheangach

- Beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.
- Beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla.
- Ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méid de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla.
- Maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl.
- Ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.




Tá na comharthaí thuas ag teacht leis na Rialacháin ar na cúiseanna a leanas:

Tá an téacs i nGaeilge ann ar dtús; tá sé chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite leis an téacs i mBéarla agus cuireann sé an fhaisnéis chéanna in iúl.

## ***Stáiseanóireacht***

Tá dualgas ar IOM a chinntiú go bhfuil stáiseanóireacht áirithe i nGaeilge nó dátheangach le Nóta-pháipéar, Duillíní dea-mhéine, Leatháin chlúdaigh facs, Clúdaigh chomhad agus fillteáin eile, Lipéid Clúdaigh litreach agus cártaí gnó san áireamh.

## ***Litreacha/ríomhphoist***

Caithfear freagra a thabhairt i nGaeilge d'aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge. Beidh tacaíocht ar fáil leis seo ón Oifigeach Gaeilge.

## ***Fógairtí Taifeadta Béil***

Caithfidh IOM a chinntiú go bhfuil fógairtí taifeadta béil a dhéanann siad nó a dhéantar ar a son i nGaeilge nó dátheangach. (m.sh: Oifig Fáiltiú: "Ní féidir linn do ghlaoch a thógáil, fág teachtaireacht le do thoil."

## ***Foilseacháin***

Tá dualgas ar IOM gach Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

**Tá Scéim Teanga IOM 2019-2021 ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar shuíomh IOM agus ar shuíomh an Chomisinéara Teanga. Beidh sé mar sprioc ag an Institiúid níos mó seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ar an gCampas do mhic léinn agus do bhaill foirne a éilíonn na seirbhísí**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ag:

caoileann.nidhonnchadha@mie.ie / 018535196